

☘ An Lúibín ☘

17 Eanáir 2009

Tráth agus antráth

A look at the state of Irish at the start of 2009.

Ar 23/12/08 chuir léitheoir de chuid an *Irish Independent* i gcuimhne dúinn an díospóireacht a chuir Fine Gael ar siúl trí bliana ó shin faoi Ghaeilge a dhéanamh roghnach san Ardeistiméireacht, díospóireacht a chuir cuid polaiteoirí agus iriseoirí ag machnamh i ndáiríre ar pholasaithe teanga na hÉireann, más fíor. (Seanscéal é seo i ndáiríre agus meirg air sna seascaidí féin.)

Deir mo dhuine gur staic mhagaidh í gluaiseacht na Gaeilge. Tá an ghaelscolaíocht le moladh agus ag dul i neart (táthar ag iarraidh trí scoil nua a bhunú i mBaile Átha Cliath) ach tá ag teip ar na heagraíochtaí Gaeilge na teanga a chur chun cinn i measc na bpobal. Tá súil ag mo dhuine go gcuirfidh rialtas nua spionnadh úr i gcur chun cinn na Gaeilge – an t-airgead a chaitear ar an teanga a iniúchadh, feachtais bhliantúla mhargaíochta a chur ar siúl, múineadh na teanga a scrúdú agus breis cabhrach a thabhairt do na gaelscoileanna.

Chuir duine eile in iúl (*Irish Independent*, 23/12/08) go raibh an teanga ar ‘life support’ agus go raibh lorg an tseanmheoin choilínigh ar an iarraidh atá á tabhairt ar Ghaeilge a bhrú ar phobal atá ag labhairt Béarla le dhá chéad bliain. Tá bunús leis na pointí seo, agus baint acu lena ndúradh cheana, mar a fheicimid thíos.

Déarfadh cairde na teanga go bhfuil de dhualgas ag an stát an teanga a chothú. Más ea, tá a rian sin air - maoiniú á dháileadh go flaithiúil trí leithéidí Fhoras na Gaeilge agus Údarás na Gaeltachta, cabhair á tabhairt gan staonadh d’eagraíochtaí arb é a gcuspóir úsáid na teanga a neartú. Ach tá an Ghaeltacht níos laige ná mar a bhí riamh, agus tá a laghad sin Gaeilge ag daoine a chaith ceithre bliana déag á foghlaim gur theip ar na comhlachtaí stáit teacht ar aon duine dá bhfoireann a d’fhéadfadh buncháipéisí a aistriú ón mbunBhéarla. Ní dócha go dtiocfaidh feabhas ar an scéal de bharr duaiseanna a bhronnadh ar na siopaí is fearr a fhreastlaíonn ort sa dá theanga náisiúnta. Fágann sin, mar a dúirt mo dhuine, nach mór scrúdú géar grinn ar chaitheamh na bpingíní.

Ach roimh gach rud eile, ní foláir aird a thabhairt ar an oideachas. Faoi láthair fágtar cothú na teanga faoi na scoileanna lánGhaeilge, réiteach a oireann don Roinn Oideachais ina croí dorcha istigh. Dá dtabharfaí tréanarracht ar Ghaeilge a mhúineadh le héifeacht sna scoileanna lánBhéarla, níor mhór bunús maith Gaeilge a thabhairt do dhaltaí sna bunscoileanna. Is deacair é sin a dhéanamh gan feidhm a bhaint as an tumoideachas, agus níl na múinteoirí dátheangacha ar fáil chuige – rud a mbeadh súil agat leis tar éis faillí chomh fada sin in oiliúint teanga. (Is iomaí duine a chuimhneodh – arís – ar dhúnadh na gColáistí Ullmhúcháin sna seascaidí.¹) Is deacair do na scoileanna lánGhaeilge féin múinteoirí líofa a fháil, rud a d’fhéadfadh srian a chur le borradh na scolaíochta sin.

Tá Gaeilge á saothrú i dtíortha eile, agus tá sé de bhuntáiste ag an teanga sna Stáit go bhfuil sí á mhúineadh mar ábhar céime i Harvard agus i mBerkeley. Tá fáil ar chúrsaí ar-líne tríd an *CUNY Institute for Irish-American Studies* i gColáiste Lehman i Nua-Eabhrac, agus ar ranganna Gaeilge in Ollscoil Mharylhurst. Bunaíodh craobh Shasana Nua (SAM) de Conradh na Gaeilge sa bhliain 2003 agus tá ranganna ar siúl faoina coimirce anois i sé stát. Ní foláir Daltaí na Gaeilge, eagraíocht lán-Mheiriceánach, a lua agus a gcuid ranganna féin ar siúl acu. I gCeanada táthar ag iarraidh ‘Gaeltacht’

¹ Meánscoileanna lán-Ghaeilge ba ea iad seo agus é de chuspóir acu ábhar bunmhúinteoirí a sholáthar.

a bhunú agus a bhuanú – píosa talaimh a bheidh ina lárionad ag Gaeilgeoirí na háite – agus deirtear go bhfuil daoine sa tír sin a bhfuil an Ghaeilge mar theanga theaghlaigh acu.

San Astráil tá scata Gaeilgeoirí (agus ní mór a líon) le fáil i Sydney agus i Melbourne go háirithe, ach níl an teanga ar fáil mar ábhar in ollscoil ar bith. Is féidir a rá nach bhfuil lucht Gaeilge na tíre seo gan díograis: foilsíonn na hirisí Gaeilge gearscéalta agus ailt ón Astráil, agus as an tír seo a fáisceadh *An Lúibín* féin. Tá rún ag cuid againn stair na teanga san Astráil a scríobh sa teanga féin agus ábhar léinn eile a sholáthar. San Astráil freisin a cuireadh suíomh cuimsitheach d'fhoghlaimeoirí ar bun – Iora Rua (www.iorarua.com) – agus is ann a gheobhaidh tú tionscnamh neamhchoitianta: leaganacha Gaeilge d'ainmneacha ainmhithe agus plandaí na tíre.

Ina dhiaidh sin is uile, táimid ag súil le gaisce ó Mheiriceá Thuaidh i ngnóthaí cultúir, luath nó mall; cúpla iris fhuaimintíúil, scríbhneoir nó tálta nó dhó. Níor tháinig fós.

Ós ag caint ar chúrsaí scríoblála dúinn, ní féidir a mhaíomh go bhfuil scríbhneoirí Gaeilge na ré seo ag baint geite as an domhan. Tá neart leabhar ar fáil do pháistí óga agus cuid mhaith acu aistrithe ó theangacha eile, rud a oireann don fhoilsitheoir beag nach acmhainn dó pictiúir nua a chur á ndéanamh. Tá freastal ann ar an bhfoghlaimeoir fásta. Tá iarraidh ar úrscéalta éadroma, ach scríbhneoirí den chéad scoth nó den dara scoth féin atá ag teastáil freisin. Tá a leithéidí ann, cé go bhfuil siad gann: is fiú an gearrscéaláí Daithí Ó Muirí a lua, cé go bhfuil an ghearrscéalaíocht in ísle brí i gcoitinne. Is é an bac is mó atá ar scríbhneoirí óga an saghas Gaeilge atá acu, teanga gan tathag atá ina huirlis litríochta anois cheal a malairte agus caint na Gaeltachta ag lagú. Más iompú bisigh atá uainn is fada ag teacht é, cé go dtiocfaidh faoi dheireadh gan amhras. Idir an dá linn, is baolach go mbeidh an Ghaeilge chomh neamhfheiceálach ar gach bealach is a bhí le dhá chéad bliain anuas.

Cuid thábhachtach de scríbhneoireacht na Gaeilge is ea an iriseoireacht, agus cruthaíodh i ndeireadh na bliana seo caite nach féidir le pobal na Gaeilge dhá nuachtán a chothú. Dream borruil ba ea foireann *Lá Nua*, ach bhuaigh laghad na léitheoirí agus deacrachtaí dáileacháin orthu faoi dheireadh. Thairis sin de, tá na seanfhadhbanna ag roinnt le cuid mhaith d'iriseoireacht na Gaeilge – easpa úrsmainte agus Gaeilge gan bhlas. Bhí fáilte, mar sin, roimh an iris *nós**, iarracht bheoga ar dhul i ngleic leis an saol atá anois ann.

Is fada an Ghaeilge á húsáid mar theanga chritice agus staire, ach is beag ábhar intleachtúil eile a phléitear inti. Ní deacair a fheiceáil cén fáth: ní fiú le fisicthe, le fealsúnaithe agus le lucht taighde leighis a saothar a scríobh i dteanga an mhionlaigh. Ach más mian linn teanga iomlán a dhéanamh den Ghaeilge caithfear snámh in aghaidh easa. Ní mór an teanga a tharraingt isteach i ngach réimse den saol, ar chuntar go mbeadh toradh fóna ar an obair. Más léir an méid sin, níl sé chomh furasta sin é a chur á dhéanamh.

Tá a háit féin bainte amach ag an nGaeilge ar an Idirlíon, ach is míchothrom an toradh a bhí air – an gnáthmheascán de shuímh neafaiseacha agus de shuímh áisiúla, agus neart Gaeilge míchrúinne ann in éineacht le Gaeilge bhlasta. Tá rudaí ann ar fiú cuairt a thabhairt orthu. Tá nuachtán (*Foinse*) agus cúpla iris (*Feasta* agus *Beo*) ann agus roinnt suíomh oifigiúil nó tráchtála ar nós www.logainm.ie, www.acmhainn.ie, www.gaelpport.com agus www.litriocht.com, gan trácht ar leithéidí www.geocities.com/Athens/8308/, baile an Fhionnlannaigh ilteangaigh sin Panu Petteri Höglund. Tá tairbhe le baint as an nGréasán i gcúrsaí raidió – *Blas* ar an BBC, Raidió na Gaeltachta agus na stáisiúin phobail. Meabhraíonn an méid seo dúinn a thábhachtaí atá acmhainní Gaeilge na hÉireann, rud ar chóir dó an chuid eile againn a bhrostú chun ár ndícheall.

Más fiú fáistine a dhéanamh (agus ní minic is fiú), feicimid breis scoileanna lán-Ghaeilge, laghdú (nó méadú féin) ar uimhir na n-eagraíochtaí, laghdú ar mhaoiniú agus treisiú na Gaeilge sna bruachbhailte. Leanfaimid orainn ag cur *An Lúibín* faoi bhráid an mhionscata a léann é, agus súil againn gur mó an rath ná an mírath a bheidh ar an mbliain atá le teacht.



Gaeltacht nua

The boundaries of the Gaeltacht are to be adjusted (at last) to fit the linguistic reality, and a 'strategic plan' for the language is expected by Easter 2009.

Tá lá na n-iontas tagtha. Tá teorainneacha na Gaeltachta le hathrú agus sainmhíniú nua le déanamh ar an nGaeltacht féin. Seo cuid den toradh a bheidh ar an Staidéar Teangeolaíochta Gaeltachta a foilsíodh sa bhliain 2007, staidéar a deir nach mairfidh an Ghaeilge os cionn fiche bliain mar theanga phobail sa Ghaeltacht mura gcoisctear an cúlú anois.

In agallamh leis an nuachtán *Foinse* i dtaobh an scéil seo, d'fhiafraigh an tAire Gaeltachta, Éamon Ó Cuív, ar cheart go mbeadh rannóga Gaeilge den chineál céanna i ngach Roinn Stáit.² Cén fáth a bhfuil Údarás na Gaeltachta agus Meitheal Forbartha na Gaeltachta ann in éineacht agus iad beirt ag reachtáil scéimeanna? Tá baint aige seo le ceist na n-eagraíochtaí Gaeilge. Tá an iomarca acu ann, dar leis an Aire, agus tá machnamh á dhéanamh aige ar athruithe, rud a rachaidh i bhfeidhm ar Údarás na Gaeltachta agus ar an eagraíocht trasteorann Foras na Gaeilge.³

Tá *An Plean Straitéiseach don Ghaeilge* le teacht. Is fada lucht na Gaeilge ag fanacht leis, agus dúirt an tAire go mbeidh moill eile air. Ní bhfaighfear amharc air go dtí Lá 'le Pádraig nó aimsir na Cásca, agus feicfear ansin an fiú do na fíréin dóchas a bheith acu as.

Cuireann an Staidéar síos ar an ngá atá le 'bailte seirbhísí Gaeltachta,' áiteanna a thacódh le pobail Ghaeilge. Táthar ag smaoineamh ar an aitheantas sin a thabhairt do bhailte eile a bhfuil pobal laidir Gaeilge iontu, leithéidí Dhúiche Chrónáin i gCluain Dolcáin nó Dhúiche Naithí, mar a bhfuil a lán scoileanna lán-Ghaeilge. Is ionann seo agus a admháil faoi dheireadh agus go hoifigiúil go bhfuil aistriú déanta ag an teanga ón ngleann go dtí an chathair. Is dócha gur aistriú buan é, rud a fhágfaidh a rian ar fheidhmiú Údarás na Gaeltachta agus a leithéidí.

Idir an dá linn, tá an teanga ag borradh sa Tuaisceart. Mar a scríobh Robert McMillen le déanaí san *Irish News*, tá neart Gaeilgeoirí óga ann anois de bharr na ngaelscoileanna, cé gur beag duine acu a tógadh leis an teanga.⁴ Is binn an Ghaeilge atá ag a bhformhór. Maidir leis na daltaí atá ag déanamh Gaeilge A-Leibhéil, is cosúil gur trí na scoileanna lán-Ghaeilge a tháinig an tríú cuid acu ar a laghad nó gurb í an Ghaeilge teanga an bhaile acu. Is gearr go dtiocfaidh méadú ar a líon agus 4,000 dalta sna scoileanna lán-Ghaeilge faoi láthair. Ina theannta seo, tá pobail nua Ghaeilge ag teacht ar an bhfód. Tá Gaeilge ag 70% de na páistí i gCarn Tóchair, Co Doire, mar shampla, agus timpeall scór teaghlach ann ag tógáil a gclainne leis an teanga. Deir McMillen gur chuir an Ghaeilge beocht nua sa phobal seo. Tá bunscoileanna agus meánscoil lán-Ghaeilge ann, cláir oideachais do dhaoine fásta, oifig an phoist dhátheangach, siopa bronntanais, seirbhísí aistriúcháin, agus gnólachtaí agus tionscadail eile. Tá formhór na bpost sa cheantar ag brath ar an nGaeilge. B'fhéidir gurb í an Phoblacht atá ar deireadh.



Uimhreacha agus aidiachtaí

² Féach tuairisc le hÁine Ní Chiaráin, 28/12/08.

³ Cuireadh an Foras ar bun i ndeireadh na bliana 1999 agus é freagrach as cur chun cinn na teanga ar fud na hÉireann. Is cuimsitheach an suíomh atá aige: www.gaeilge.ie.

⁴ 'More and more parents are turning to bilingual education - Iontaobhas,' *Irish News*, 7/1/09.

Among the joys and terrors of Irish is the complex relationship between adjectives and numbers.

Is minic foghlaimeoirí cráite ag uimhriú na Gaeilge, ní nach ionadh agus a chastacht atá na rialacha. (Rinne *An Lúibín* féin corrdhearmad ó am go chéile, rud a thug orainn éirí oilte sna cúrsaí seo.) Ag seo sampla de na rialacha a bhaineann le húsáid na haidiachta:

Ó *dhá* go *naoi déag* bíonn an aidiacht san uimhir iolra i ndiaidh ainmfhocail, agus séimhítear túschonsan:

Glór an dá mhadra **mhóra**
Bainne na dtrí bhó **bheaga**
Na hocht n-uan déag **bhána**
Na seacht ndiabhal **bhuí**

Is leor sin, a déarfá; ach tabhair faoi deara ord na n-aidiachtaí. Bíonn tosaíocht ag **déag** i gcónaí, agus séimhítear é i ndiaidh ainmfhocail atá san uimhir uathu agus a chríochnaíonn le guta – *ceithre bhó dhéag*.

Cuid d’oidhreacht ársa an méid seo, agus ní foláir máistreacht a fháil ar a lán rialacha eile. Níor mhór an t-ionadh dá simpleofaí iad agus an teanga ag athrú mar atá, i dtreo gur chosúil le rialacha uimhrithe na Gàidhlig iad. Idir an dá linn tá deis againn taitneamh (nó a mhalairt) a bhaint as an gcastacht dhlúthfhite seo.



Europeana

The EU is digitising the cultural inheritance of Europe.

Ní gá cuairt a thabhairt ar an Eoraip chun saibhreas cultúrtha na hEorpa a fheiceáil. *Europeana* an áis a chuireann ar fáil é. Leabharlann dhigiteach de chuid an AE is ea í agus í lán de cháipéisí, de lámhscríbhinní, d’fhuaimneanna, d’íomhánna agus d’fhíseáin i dtrí theanga is fiche. Tá trí mhilliún mír ann cheana agus a thuilleadh ag teacht. Tá Magna Carta ann, Bíobla Gutenberg, *oeuvre* iomlán Mhozart agus meall rudaí eile.

Ón bhFrainc, ón Ísiltír is ón Ríocht Aontaithe a fuarthas a bhformhór; sholáthair Foras Ciosamhairc na Fraince 80,000 taifead craolta ón 20ú hAois, agus beidh carn ábhair ag teacht ó thíortha eile amach anseo. Ní do scoláirí amháin atá an méid seo dlite, ach do dhuine ar bith a bhfuil suim aige san oidhreacht Eorpach, agus is féidir le cách an t-ábhar a íoslódáil saor in aisce.

Láinseáladh an suíomh ar 20/11/08 agus fuarthas an oiread sin amas ar an bpointe go raibh orthu an suíomh a dhruideadh ar feadh tamaill. Tá an-iarraidh fós air agus b’fhéidir go mbeadh moill ann ó am go chéile dá bharr. Is féidir an suíomh a chuardach de réir teanga, tíre, dáta agus mar sin de, cé gur mhór an cabhair duit an rud atá uait a bheith go glan soiléir i d’intinn agat.

Faoin mbliain 2010 is dócha go mbeidh 10 milliún mír sa leabharlann seo, agus deirtear nár cuireadh ach 1% d’ábhar cultúrtha na hEorpa i bhfoirm dhigiteach fós. €119 milliún a caitheadh ar *Europeana* go dtí seo agus b’fhiú an t-airgead é.

An suíomh: <http://www.europeana.eu/portal/>.



An Eoraip á haistriú

Jobs in Brussels for Irish-speaking graduates.

Tá scigirí ann a deir nach bhfuil de thoradh ar úsáid na Gaeilge san AE ach poist dheasa Bhruiséalacha a sholathar don chuid sin den mheánaicme a fuair a gcuid scolaíochta tríd an teanga naofa. Déarfadh dream eile gur ardú céime don teanga atá i gceist agus nach díobháil ar bith an siombalachas a bhfuil a rian chomh soiléir sin ar an ngnó. Bíodh sin mar atá, is garr ó fógraíodh gur féidir tréimhse oiliúna a dhéanamh i seirbhís aistriúcháin an Choimisiúin Eorpaigh. Aonad na Gaeilge atá i gceist agus é ag feidhmiú faoi cheannas Ard-Stiúrthóireacht Aistriúcháin an Choimisiúin Eorpaigh.

Na Gaeilgeoirí a chuireann isteach ar an oiliúint ní mór dóibh cúig mhí a chaitheamh ag obair in Aonad na Gaeilge. Obair í a oireann do mhic léinn dlí go háirithe a bhfuil a gcéim bainte amach acu, ach tá fáilte roimh dhuine incháilithe ar bith (cuma cén saghas céime atá aige) ach Gaeilge a bheith ar a thoil aige. Mar a deir an fógra, is í seirbhís aistriúcháin an AE an ceann is mó ar domhan.

Tá coinníollacha ann. Caithfidh tú máistreacht a bheith agat ar Bhéarla, ar Fhraincis nó ar Ghearmáinis. Más saoránach de bhallstát den AE thú, ní mór duit an-eolas a bheith agat ar theanga oifigiúil eile de chuid an AE. Ní foláir d'iarrthóirí a bheith in ann ábhar a aistriú ó dhá theanga oifigiúla eile go dtí a bpríomhtheanga, agus caithfidh an teanga úd féin a bheith ina teanga oifigiúil de chuid an AE.

Is baolach go dtiocfaidh éilít fhíor-Eorpach ar an bhfód, más fíor, iad ag blaiseadh biotáille sa bhiostró is gaire dóibh agus ag cíoradh cúrsaí i nGaeilge nach dtuigeann an choitiantacht. Aisling eile a bhí ag Dev ach tá a lá siúd thart.

Lasmuigh de chúrsaí aistriúcháin, tá jabanna go leor á dtairiscint ag an gCoimisiún Eorpach. Bíonn cáilíochtaí ag formhór na n-iarrthóirí sa dlí, san eolaíocht pholaitiúil, i gcuidreamh idirnáisiúnta agus san eacnamaíocht. Ach lena chois sin tá an Coimisiún ar thóir daoine a bhfuil cáilíochtaí acu ina leithéidí seo - ríomheolaíochtaí, talmhaíocht, innealtóireacht bhithcheimiceach, fuinneamh, iniúchadh, innealtóireacht aerspáis, síceolaíocht, bainistíocht airgeadais, meastóireacht agus anailís straitéiseach (go háirithe i ngeall ar dhinimic chórais), dearadh, ilmheáin, bainistíocht spóirt - agus ní hé sin deireadh an liosta.



Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@bigpond.com nó chun ColinG.Ryan@ato.gov.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@bigpond.com or to ColinG.Ryan@ato.gov.au.